



# Ḍialann mhóire

Nuachtlitir Chomharchumainn Dhún Chaoin • Nollaig 2011

## Na Tuilte i nDún Chaoin

Bhí an oíche titithe ar an Domhnach, 23ú Deireadh Fómhair, nuair do chualadh daoine i nDún Chaoin glór na habhann agus torann mór ar nós toirneach agus b'ait leo an fothram ar fad mar, cé go raibh baisteach ann ó mhaidin, ní aimsir toirní a bhí ann. Nuair do chuardar amach chonaiceadar go tapaidh



go raibh rudaí bunoscionn: bhí tuile láidir sna haibhneacha agus bhí clocha agus carraigeacha á scuabadh leo síos ón gcnoc agus i dtreo na dtithe.

Tuigeadh ar an bpointe go raibh rud suntasach, neamhghnáthach tarlaithe mar bhí an t-uafás ploda ar na bóithre agus é ag rith síos le fánaidh tríd na goirt go dtí na failteacha. Is le solas an lae a thuig muintir an pharóiste cad a bhí tarlaithe. Bhí suas le tríocha acra don sliabh sleamhnaithe síos ó bharr Shliabh an Iolair agus é scaipithe ar na goirt agus ar na bóithre. Tháinig cuid do tríd an reilig nua. Thiar sa Chom, caitheadh an bóthar a dhúnadh mar bhí díobháil déanta don droichead agus é druite le carraigeacha. Caitheadh málaí a líonadh le gaineamh agus iad a chur ag doirse roinnt tithe chun an t-uisce a choiméad amach. Bhí foireann an Chomhairle Chontae amuigh ar an bpointe chun cabhair a thabhairt dóibh san a bhí i sáin.

Thóg sé trí seachtaine ar an gComhairle na bóithre poiblí a chuir ina gceart agus an reilig a glanadh ach tá obair mór fós le déanamh ar na bóithre áise, 'sé sin, na bóithre nach bhfuil fé scáth an Rialtais Áitiúil. Tá comhairle á lorg ag Coiste Stiúrtha an Chomharchumainn ar na deisiúcháin is fearr is féidir a dhéanamh chun na bóithre agus na daoine a choiméad ó dhainséar má thiteann a leithéid do bháisteach trom arís.

## Na Tiarnaí Talúin a bhí i nDún Chaoin

Lá dá raibh, do bhí an paróiste roinnte idir Ceathrú an Iarla, Ceathrú Mullins, Ceathrú an Fheirtéirigh agus na Blascaodaí ach le himeacht na mblianta chríochnaigh sé go raibh an roinnt mar seo:

### Le Iarla Chorcaí

Na hOileáin	Com Dhíneol Thuaidh
Baile an Ghleanna	Baile an Teampaill

### Le Tiarna Fionn Trá

Com Dhíneol Theas	Baile Icín
Baile Bhiocáire	Baile na Rátha
Gleann Loic	An Gleann Mór
Baile na hAbha	Ceathrú an Fheirtéirigh

Níl céad bhliain ann ó chuireadh deireadh leis an gcóras seo.



Is minic a stopann cuairteoirí chun grianghraif a thógaint dos na bláthanna atá lasmuigh do thigh Mhundy Wilson (Ruiséal). B'fhéidir gur cheart comórtas a bheith againn don ghairdín is slachtmhaire sa pharóiste!

## An Scéim Fiontar Pobail

An aidhm atá leis an dtionscnamh seo ná cur leis an sásamh agus leis an dtaithneamh a bhainfeadh daoine as Siúlóid na Cille a dhéanamh. Beidh leabhrán beag eolais agus ghníomhaíochta ar fáil dírithe ar áiteanna ar an siúlóid cosúil le Béal Átha, Scoil Ryan's Daughter, Cill Gobnait agus eile. Beidh an leabhrán as Gaeilge agus beidh pictiúirí ann chomh maith. Tá coiste beag i bhfeidhil na hoibre ar a bhfuil Máire Ní Mhaoileoin, Máirín Uí Thuama, Máire Ní Scanláin agus Coláiste Muire Gan Smál i Luimneach, agus iad ar fad fé stiúir Mhatt Mhic Cárthaigh.

## Scolaíocht i nDún Chaoin

Ina leabhar *The Antient and Present State of the County of Kerry* a foilsíodh sa bhliain 1756, scríobhann Charles Smith go raibh scoil Laidineach i nDún Chaoin a bhí maoinithe go príomha ag fear darb ainm Moore a bhí tar éis bás i bPáras na Fraince. Bhí trí púint sa bhliain ag teacht ó thigh a bhí ag an Múrach chun costaisí na scoile a dhíol. Faoir, níl aon eolas eile ann go dtí 1835 nuair a lúann an Tuarascáil ar Oideachas Poiblí go raibh dhá scoil idir Márthan agus Dún Chaoin le 35 dalta i gceann acu fé stiúir Phádraig Uí Bhriain agus 66 sa cheann eile a bhí fé Pádraig Ó Néill. Bunaíodh Scoil Náisiúnta Bhaile Bhiocáire go hoifigiúil sa bhliain 1841 agus do bhí 119 dalta ag freastal uirthi an bhliain dar gcionn. Dhein an Gorta Mór scrios ar thinnreamh na scoile agus ní raibh ach 38 ainm ar an rolla sa bhliain 1855. Thosnaigh daonra an pharóiste ag fás arís sa deich mbliana ina dhiaidh sin agus do bhí 80 scoláire ann i 1864 agus 106 ar an rolla in 1876.

'Sé Domhnaill Ó Muircheartaigh ó Ghleann Loic an Máistir Scoile a bhí ann ó 1863 go dtí go bhfuair sé bás i nDeireadh Fómhair 1879. Cheapadh a nia, Seán Ó Dálaigh, ina Phríomh-Oide ar an scoil ina dhiaidh cé nach raibh sé ach hocht mbliana déag d'aois. Bhí an scoil tógtha trasna an bhóthair ón áit go bhfuil sí anois agus foirgneamh aon tseomra a bhí inti. Sa bhliain 1914 tógadh an scoil atá anois i mBaile na Rátha agus do mhúin Seán Ó Dálaigh ann go dtí gur chuaigh sé ar a phinsean sa bhliain 1927. A mhac, Muiris, a tháinig mar chomharba air agus ní raibh ach 60 duine ag freastal ar an scoil fé'n am sin. Cé gur dhein an Rialtas iarracht an scoil a dhúnadh i 1970, athosclaíodh í sa bhliain 1973 fé Rialtas nua le cabhair mhór ó chairde Dhún Chaoin timpeall na tíre agus tá ard-obair ar siúil inti ó shin.

Ach do bhí dhá scoil i nDún Chaoin tráth, mar do bhunaigh an Irish Society, cumann Protastúnach a bhí ag bíoblóireacht sa cheantar ó 1836, scoil i mBaile na Rátha timpeall 1837 (dúirt Samuel Lewis go raibh sí i mBallykeen) chun cur leis na hiarrachtaí a bhí ann níos mó daoine a mhealladh isteach sa chreideamh Phrotastúnach. Dúirt Mrs A. M. Thompson go raibh 80 Protastúnach i nDún Chaoin sa bhliain 1839 agus go raibh 40 leanbh ag freastal ar an scoil nua. Lean rudaí mar sin go dtí gur tháinig feabhas ar an bparóiste tar éis an Ghorta agus beag ar mbeag thit an tinnreamh scoile go dtí gur ndúnadh í sa bhliain 1890.

Comh fada agus a bhaineann sé leis an mBlascaod Mór, do bhí dhá scoil ansin leis. Osclaíodh Scoil Náisiúnta san Oileán sa bhliain 1864 agus is í Anne Donoghue, nó Neans Ní Dhonncha, a bhí ag múineadh ann agus 24 ar an rolla. Chuaigh an tinneamh i méid agus deirtear go raibh suas le céad ar an rolla ag tosach an fichiú chéad. Ach bhí daonra an Oileáin ag titim agus sa deireadh dúnadh í sa bhliain 1941. Bhí scoil Phrotastúnach san Oileán ó 1840 ach níor mhair sí ach fiche ceathair bliain mar do bhí na sagairt agus Clarissa Hussey, an tathmháistir a bhí ag Lord Cork ar an Oileán, glan ina coinne agus do bhí furmhór na dtuismitheoirí scanraithe go gcaifidís a gabhaltas dá dtabharfaidís aon chabhair don scoil. Is le linn an Ghorta is mó a bhí leanaí ag freastal ar an scoil Phrotastúnach ach d'aistríodar thar nais go dtí an Scoil Náisiúnta nuair a bhí am an ghátair thart.

Tá eolas éigin againn ar scolaíocht i nDún Chaoin le dhá chéad caoga bliain agus cé fios cé comh fada siar a théann scoileanna agus oideachas sa pharóiste is faide siar in Éirinn.

## Príomh Oide na Scoile ag scor óna Post



Tá Máirín Ní Bhroin (Uí Thuama) ag fágaint a post mar Phríomh Oide ar Scoil Gobnait tar éis di a bheith ag múineadh ann le breis agus fiche sé bliana. Ba mhór an tionchur a bhí aici ar na daltaí i rith an ama sin agus d'mhúscail sí spéis iontu ní amháin san oideachas ach i gcultúr an pharóiste agus na tíre.

Shníomh sí na scéalta agus an ceol traidisiúnta isteach tríd an curaclam agus do chuir sí béim ar fhorbairt phearsanta gach dalta a bhí faoin a cúram. Guímid gach rath agus áthas uirthi agus ar a fear céile, Finín. Gur fada buan iad in ár measc.

## Dífhibrileoir ar fáil sa Pharóiste

Tá trealamh leighis soghluaiste le haghaidh deachrachaí croí ar a ghlaotar Dífhibrileoir ar fáil in Ionad an Bhlascaoid. Deirtear go bhfuil an chéad deich nóiméid tar éis aon saghas deachracht le rithim chroí fíor thabachtach agus anois is féidir teacht ar gharchabhair tapaidh sa pharóiste tré glaoch ar an Ionad (066 9156444) nuair atá an fhoireann ann nó ar Dháithí de Mórdha (087 9778871) nó ar Dhoncha Ó Conchúir (086 8584530) lasmuigh den am sin. Táimid an-bhuíoch do Mhíchéal de Mórdha, Bainisteoir, as an acmhainn a chuir ar fáil dúinn.

Sa bhreis ar sin, beidh cúrsa oiliúna ar fáil san Ionad roimis an samhradh agus beidh fáilte roimh muintir an pharóiste freastal air. Cuirfear eolas timpeall faoi seo níos déanaí.

## Teilifís Digiteach i nDún Chaoin

Ón 24 Deireadh Fómhair 2012, ní bheidh ach teilifís digiteach ar fáil in Éirinn agus, mar sin, beidh ar dhaoine teilifíseán nó glacadóir oiriúnach a bheith acu chun RTÉ1, RTÉ2, TG4, TV3 agus raidió digiteach a ghlacadh sa tigh.

Tá an Rialtas ag cur dhá chóras saor in aisce ar fáil chun go mbeidh sé ar chumas gach éinne tairbhe a bhaint as an seirbhís nua agus chun ná beidh éinne fágtha gan glacadh teilifíse. Sa chéad dul síos sa pharóiste seo beidh fáil ar *Saorview* dóibh san go bhfuil aeróg acu atá in ann an crann cumarsáide ag barr an Chlásaigh d'fheiscint agus go bhfuil teilifíseán digiteach acu nó bosca digiteach ceangalite leis an dteilifíseán analóg atá acu. Seans go noibreoidh an aeróg atá ar an dtigh cheanna.

Do thithe nach bhfuil aon radharc acu ar bharr an Chlásaigh, beidh teacht acu ar *Saorsat*, 'sé sin, seirbhís shaitilíte a bheidh ar fáil tríd mias lasmuigh. Is mias fé leith a bheidh ag teastáil mar ní bheidh mias Sky oiriúnach. Arís, beidh teilifíseán digiteach nó bosca ard-ghléine le teilifíseán analóg ag teastáil.

Tá a thuilleadh eolais ar fáil ag: [www.saorview.ie](http://www.saorview.ie) nó [www.techitir.ie/saortv/saorsat](http://www.techitir.ie/saortv/saorsat)

Tabhair fé ndeara, caithfidh gach tigh an trealamh chúí a cheannach (níl aon scéal go fóill mar gheall ar dheontas) agus tá an rialtas ag glaoch "saor" ar an gcomhartha. Beidh ceadúnas riachtanach don teilifíseán mar is gná.

## — Tráth na gCeist Boird —

Tigh Kruger • Déardaoin, 29 Nollaig, 8.30 pm

Ar son *Fondúireacht Oispíse Chiarraí*.

Urraithe ag Comhrchumann Dhún Chaoin.

## Príomh Oide agus Cúntóir Nua



### MÁIRE NÍ MHAOILEOIN

Tá Máire Ní Mhaoileoin roghnaithe le teacht i gcomharbacht ar Mháirín Ní Bhroin mar Phríomh Oide ar Scoil Naomh Gobnait. Tá aithne mhaith ar Mháire ón nGráig agus is ball í d'Aisteoirí Bhréanainn agus do Chór Bhaile an Fheirtéirigh comh maith le bheith ina Cathaoirleach ar Bhord Bainistíochta Phobalscoil Chorca Dhuibhne. Tá dea-mhéin an phobail aici agus í ag glacadh lena dualgaisí nua.



### MARYANN NÍ LAOITHE

Tá Maryann Ní Laoithe ceapaithe mar Chúntóir sa scoil ó Mheán Fómhair. Cuireadh an-fháilte roimpi, tá sí ana ghnóthach faoi láthair agus í ag dul i dtaithí ar an bpost nua. Tá taithí na mblianta aici i scoileanna éagsúla. Bhí sí thar a bheith sásta glacadh leis an bpost agus is breá léi a bheith ag obair inár dteannta.



### MAGADH FÉ MHAGADH

Bhí cuid de leanaí na scoile páirteach sa dráma "Magadh fé Mhagadh" le hAisteoirí Bhréanainn in Ionas an Bhlascaoid Mhór le linn Chéiliúradh an Bhlascaoid agus sa Lab, An Daingean, níos deanaí. Ba mhór an onóir dóibh é agus bhaineadar súp as.



### CORN AN BHAB 2011

Bronnadh Corn an Bhab ar leanaí Áine Uí Dhugháin as an obair a dhein sí agus a clann ar son na Gaelainn. Lena n-athair Jan, ó chlé, tá Sinéad, Conal, Dara, Orfhlaith agus Clíodhna.

### Dlúthdhiosca 2010

Seoladh dlúth dhiosca físe "Scoil Dhún Chaoin." Tá cúntas anseo ar obair bhliana idir dhrámaí, ceol, turasanna, seanchas agus mórán eile. Tá an obair cheamara déanta ag na leanaí faoi stiúir Áine Uí Dhubhshláine agus é curtha in eagar ag Darryl Broe.



### TURAS GO CONAMARA

Thug leanaí Scoil Dhún Chaoin, a dtuismitheoirí agus Máirín aghaidh ar Chonamara i Mí an Mheithimh agus cuireadh ana fháilte rompu i Scoil na Tulaí, TG4 agus Ros na Rún. Ghlac na leanaí páirt i Bog Stop agus beidh siad le feiscint ar an dteilifís go luath san athbhliain. Bhaineadar ana thaitheamh as an dturas.

## Áine (Ní Shé) Uí Dhúgáin 1969-2011

Thit scamall dobrónach, dubh ar pharóiste Dhún Chaoin ar an 18ú Márta i mbliana nuair a sciob an bás Áine, ár múinteoir gealgháireach, foighneach, fuinnúil uainn. Bhí sí ag fulaingt ar feadh cheithre mhí ana dhian agus cé fios againn nach raibh an scéal go maith aici, fós baineadh siar as gach éinne. Ní ag gearrán a bhí Áine ach ag cinntiú go raibh gach éinne eile a bhí timpeall uirthi go maith. Ní raibh aon tuiscint ná míniú leis an slí a buaileadh chomh obann í agus chun é a dhéanamh níos measa ní raibh a máthair, Eibhlín, tar éis bháis ach ó Mhí na Samhna roimis de dheasca dóiteáin.


Ón gCeathrúin ab ea Áine, iníon Eibhlín agus Míicé Bán Uí Shé agus deirfiúr Phádraig, mar ar chaith sí a hóige cionnmhar. Tar éis di freastal ar Choláiste Íde dá meánoideachais, cáilíodh í mar bhunmhúinteoir i gColáiste Mhuire Gan Smál. Chaith sí tamall ag múineadh i gCorcaigh go dtí gur fhill sí ar a fód dúchais sa bhliain 2003 mar mhúinteoir i Scoil Dhún Chaoin. Aithníodh go tapaídh go raibh buanna speisialta aici agus do ghlac na leanaí léi mar mhúinteoir agus mar chara. Dúirt duine acu: "Ba mhúinteoir iontach í agus bhí ualach cairde aici." Chuir sí spéis sna leanaí, mar a dúirt scoláire eile: "Mhúin sí dom conas gan eagla bheith orm agus aghaidh a thabhairt ar rudaí mé féin." Agus do bhraitheadar go raibh sí ann dóibh: "Bheifeá ábalta aon rud a rá le hÁine agus dhéanfadh sí a croí dícheall duit chun é a shochrú." Ceanróidaithe nótalta ab ea í féin agus Máirín Uí Bhroin sa scoil. Ceoltóir den scoth ab ea Áine agus ba bhreá léi rince agus amhránaíocht.

Bhí cúigear muirir uirthi féin agus Jan – Clíodhna, Sinéad, Conall, Orlaith agus Dara. Déanaimid comhbhrón ó chroí leo mar aon le Pádraig, Michelle agus a gclann, agus guímid ar son anama uasail Áine.



### Buaiteoirí ag Oireachtas 2011

Bhí ceathrar ón bparóiste i measc na buaiteoirí ag Oireachtas na Samhna i gCill Áirne ag tosach Mhí na Samhna. Sna Chomórtais do Dhaoine Fásta, do bhuaigh Malachai Mac Amhlaoibh an dara duais sa Scéalaíocht agus do bhain Dáithí de Mórdha an dara áit amach sa Dreas Cainte (ar dheis, an bheirt acu tráth dá raibh). Fuair Pádraig Ó hÓgáin (ar chlé) an dara áit sa Chomótas Scéalaíochta do dhaoine óga idir 12 agus 15 bliana d'aois, agus d'éirigh le Róisín Ní Chéileachair (ar chlé) agus a páirtí, Ciara de



Mórdha (Na Gorta Dubha, Baile an Fheirtéaraigh), an dara áit a bhuanach sa chomórtas Luibíní do dhaoine óga idir 15 agus 18. Comhghairdeas leo. Tá an cuma air go bhfuil bua na cainte fós sa pharóiste agus ní fada ná go mbeidh an chéad duais acu.

### Coiste Chomharchumann Dhún Chaoin

Seán Ó Cinnéide (Cathaoirleach),  
Pádraig Ó Sé (Leas-Chathaoirleach),  
Peigí Mistéal (Rúnaí),  
Caitlín Firtéir (Cisteoir),  
Doncha Ó Conchúir, Marcas Mac  
Domhnaill, Feargal Mac Amhlaoibh,  
Matt Mac Cárthaigh, Fionán Ó hÓgáin,  
Lorcán Ó Slatara, Máire Ní Scannláin.

### Go maire siad a nuaiócht as a bpóstaí

Mártan Óg Ó Catháin agus  
Julianne Mitchell (25ú Aibreán)

— & —

Éilís Ní Chearna agus Rory Ó  
Brosnacháin (8ú Deireadh Fómhair).

Guímid gach rath orthu.

### Fáilte roimis an chéad ghlúin eile

Comhghairdeas leis  
na tuismitheoirí áthasacha:  
Fionán agus Ruth Ó hÓgáin  
ar bhreith Róisín (31 Eanáir)  
Lorcán agus Susan Ó Slatara  
ar bhreith James (7ú Márta)  
Dáithí agus Teresa de Mórdha  
ar bhreith Hannah (15ú Márta)

### Plean Oibre agus Imeachtaí na Bliana 2011-2012

Mí na Nollag  
Mí Eanáir  
Mí Feabhra  
Mí an Mhárta  
Mí Aibreáin

Mí na Bealtaine  
Mí an Mheithimh  
Mí Iúil  
Mí Lúnasa  
Mí Mheán Fómhair  
Mí Dheireadh Fómhair  
Mí na Samhna

Dinnéar na Nollag  
Léacht Poiblí  
Céiliúradh Lá le Gobnait  
Turas lae an Pharóiste go Cúil Aodh  
Bláthanna le cur timpeall an pharóiste,  
Seoladh Siúlóid na Cille agus an Scéim Fiontar Pobail  
Glanadh na Teampaill  
Ranganna Comhrá Gaeilge  
Ranganna Comhrá Gaeilge, Oíche na gCuariteoirí  
Ráiseanna Capall  
Cruinniú Ginearálta Bliantúil  
Plean na bliana seo chughainn  
Nuachtlitir

Beidh an Scéim Soisialta Tuaithe ar siúil i rith na bliana agus beidh lón do sheanóirí an pharóiste geall leis gach mí freisin.

